Drochaimsir an Gheimhridh – Athrú Aeráide



1. Tráthnóna amháin, bhí mam agus daid ag féachaint ar an teilifís. Bhí clár ar siúl a bhí ag caint faoin athrú aeráide. Clár faisnéise a bhí ann. Dúirt Mam gurbh fhadhb chasta é agus **d'aontaigh Daid léi**.

2. Tháinig mí na Samhna agus thosaigh sé ag cur sneachta **go trom**. Lean an aimsir fhuar agus an sneachta go deireadh na Nollag agus i mí Eanáir, thosaigh sé **ag cur seaca**.





3. Nuair a **thit an teocht**, phléasc píobaí sa teach agus thosaigh an t-uisce ag teacht tríd. Rinne an t-uisce damáiste mór don teach, ach fuair mo thuistí airgead **ón chomhlacht árachais**.

4. Cuireann na timpistí seo costas an árachais suas. Síos an bóthar, mar shampla, thit crann i stoirm ar charr éigin. Ní raibh aon duine sa charr ag an am, buíochas le Dia.

5. Ansin tháinig na **tuillte** agus bhí a lán ceantar sa tír faoi uisce. **Chuidigh na seirbhísí éigeandála le** daoine a bhí **i mbaol**. Thug siad daoine go dtí **áit thirim, shábhailte.**

6. **Ar an drochuair**, tá an tsraith ózóin **ídithe**. Tá teocht an domhain **ag ardú** píosa ar phíosa. Is mór an trua go bhfuil ár dtimpeallacht i mbaol.